Iniúchtaí eolaíochta na bunscoile
https://rsc.li/3lMmSER

# An buidéal frith-dhomhantarraingthe

# An buidéal frith-dhomhantarraingthe

**Déanfaimid an méid seo a leanas:**

Aerbhrú a fhiosrú agus an chaoi a gcuireann sé stop le roinnt nithe titim.





# Cuspóirí foghlama

## Tuiscint

- Tuigim go gcruthaíonn cáithníní aeir fórsaí nach dtugtar faoi deara go hiondúil.
- Tuigim go bhfuil aer thart orainn i gcónaí agus go gcruthaíonn sé brú i ngach treo.
- Táim in ann aerbhrú a mhíniú.
- Tuigim gur féidir le haerbhrú éifeachtaí na domhantarraingthe a shárú agus stop a chur le nithe titim.

## Scileanna taighde:

- Táim in ann tuartha, breathnuithe agus comparáidí a dhéanamh.



# Foclóir áisiúil

- **Fórsa:** brú, tarraingt, nó brú agus tarraingt, a tharlaíonn nuair a thagann nithe (solaid, leachtanna nó gáis) i dteagmháil lena chéile. Féadfaidh fórsa ní a chur ag bogadh níos tapa nó níos moille, nó a threo a athrú. Má bhíonn fórsaí 'cothrom', cuireann siad a chéile ar ceal agus ní bhogann aon ní.



- **Brú:** tomhas fórsa thar achar. Cruthaíonn fórsa ar achar mór níos lú brú ná an fórsa céanna ar achar i bhfad níos lú.







# Foclóir áisiúil

- **Domhantarraingt:** an fórsa a tharraingíonn gach ní síos i dtreo lár an Domhain.



- **Achar:** an spás a chlúdaíonn cruth cothrom nó dromchla ní.





# An bhféadfadh sibh a bhfuil ag tarlú sna pictiúir seo a mhíniú?

















## Gníomhaíocht péireála agus roinnte



# Céard atá ag tarlú anseo?






## Tá na fórsaí COTHROM

# Modh







1. Cuirigí uisce sa ghloine.
2. Cuirigí píosa cairtpháipéir ar an ngloine.
3. Coinnígí bos láimhe amháin ar an gcairtpháipéar, agus casaigí an ghloine bunoscionn ar an tráidire.
4. Bainigí an lámh.

**An bhféadfadh sibh a bhfuil ag tarlú a mhíniú?**
**Tá sé in am péireála agus roinnte arís!**



## Céard é an nasc idir é seo  agus é seo? 

Céard atá ag tarlú sa dá phictiúr?

Cé na difríochtaí atá eatarthu?

Cé na fórsaí atá ag gníomhú ar an gcairtpháipéar?

Cé na háiteanna a bhfuil na fórsaí ag gníomhú?

## Déanaigí turgnaimh le méideanna difriúla uisce sa ghloine

An bhfuil aon difríocht ann?

An bhféadfadh sibh bhur mbreathnuithe a mhíniú?




# Meastóireacht

Céard a cheapann sibh faoinár g**cuspóirí foghlama** inniu?

- Tuigim aerbhrú agus go mbíonn sé thart orainn i gcónaí.
- Tuigim go bhféadfadh an t-aerbhrú atá ag brú suas a bheith níos mó ná an domhantarraingt atá ag tarraingt anuas.
- Tuigim gur féidir le haerbhrú stop a chur le nithe titim.

Má tá sibh muiníneach faoin méid sin, sínigí cúig mhéar in airde, nó sínigí méar amháin más fearr libh an ceacht a phlé arís.





# Buíochas

Sleamhnáin 2, 7, 8 agus 9: íomhánna © Royal Society of Chemistry
Sleamhnáin 3 agus 5: foinse na n-íomhánna: pixabay.com (ní theastaíonn admháil)
Sleamhnán 6: íomhá 1 © Retouch man / Shutterstock; íomhá 2 © Master1305 / Shutterstock; íomhá 3 © Cobalt S-Elinoi / Shutterstock; foinse gach íomhá eile: pixabay.com (ní theastaíonn admháil)
Sleamhnán 10: íomhá © Prostock-studiol/Shutterstock